North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANG 4 (13) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT NA CATT, ARD MHACHA

# 20 SAMHAIN 2013

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an fichiú cruinniú d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha ar an 20 Samhain 2013. D'fhreastail Jimmy Deenihan TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus an tAire Sóisearach in OCALCA Jonathan Bell MLA ar an gcruinniú. Rinne an tUasal Mac Fhionnlaoich cathaoirleacht ar an gcruinniú.

**TUARASCÁLACHA AN FHORAIS TEANGA AR DHUL CHUN CINN**

2. Nótáil na hAirí na tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaireacht na hUltaise ina bhfuil na héachtaí seo a leanas a bhaineann leis an tréimhse ó mhí Iúil go mí na Samhna 2013:

**Foras na Gaeilge:**

- Bearta leanúnacha do chur i bhfeidhm na socruithe nua maoinithe, lena n-áirítear léirithe spéise a lorg ó eagraíochtaí incháilithe ar mian leo go ndéanfaí breithniú orthu nuair atá eagraíocht cheannais á roghnú;
- Tá dul chun cinn déanta ar phríomhscéimeanna, lena n-áirítear fógairt Scéim na nOifigeach Gaeilge 2013 – 2016;
- Chun tacú leis an nGaeilge in earnáil na n-ealaíon, ceadaíodh 57 iarratas ar mhaoiniú faoi Scéim na bhFéilte 2013, chomh maith le 10 n-iarratas ar mhaoiniú faoi Scéim na gCompántas Drámaíochta 2013;
- Ceadaíodh 70 tionscadal chun deiseanna agus imeachtaí a chur ar fáil do 3,000 duine óg chun an Ghaeilge a úsáid; agus
- Scaipeadh 7 leabhrán Gaeilge leis an Irish Daily Mail i mí Mheán Fómhair.

**Gníomhaireacht na hUltaise:**

- Clárú 20 bunscoil sa scéim chun iarracht a dhéanamh stádas mar scoil cheannais Ultaise a bhaint amach;
- Soláthar tacaíochta do Thatú na Cathrach Múrtha, a mheall 13,979 cuairteoir go Doire mar chuid de Chlár Chathair Chultúrtha na Ríochta Aontaithe;
- Cur i gcrích Prom Síochána Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, an imeacht ba mhó den Tóstal sa chontae agus a raibh an chéad chomhoibriú de chuid na Gníomhaireachta le Ceolfhoireann Trasteorann na hÉireann mar chuid de;
- Ag cur cultúr na hUltaise ar taispeáint ag Cockle Row Cottages i bPort an Ghiolla Ghruama i gcomhar le Comhairle Buirge an Dúin Thuaidh, agus ar fhreastail os cionn 17,000 cuairteoir air i mí Iúil agus Lúnasa; agus
- Forbairt ar thionscadal oidhreachta Thoir-Thiar le Músaem Muirí na hAlban bunaithe ar thógálaithe long Ultaise Bhéal Feirste;

agus

**dul chun cinn ar chomhoibriú idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge, lena n-áirítear**

- Cur isteach na scéime comhionannais comhathbhreithnithe chuig an gCoimisiún Comhionannais i gcomhair ceadú agus nuashonrú an pholasaí cumhdaigh chun cibearbhulaíocht a thabhairt san áireamh;
- Forbairt ar thionscnamh chun ceardlanna cultúir a chur ar fáil d'iarbhunscoileanna san Earnáil Chomhtháite i gcomhar le soláthar an churaclaim shaoránachta;
- Sraith léachtaí faoi logainmneacha Uladh a bhí ar bun mar chuid de dhá lá oscailte ag Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann; agus
- Plé ar roinnt comhthionscadal, lena n-áirítear taispeántas faoi na bailte cairte, sraith léachtaí do pháistí príomhchéime a 3 (aoiseanna 11-14) agus tionscadal oidhreachta ar scéal Hamilton agus Montgomery (luathlonnaitheoirí Ultaise) agus Con Ó Néill (an t-úinéir ceannasach talún in Aontroim/an Dún).

## PLEANANNA CORPARÁIDEACHA AN FHORAIS TEANGA 2014-16

3. Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn go dtí seo ar fhorbairt Phleananna Corparáideacha Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaireacht na hUltaise do 2014-2016, lena n-áirítear na haidhmeanna straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Nótáil na hAirí freisin go bhfuil dréacht-Phleananna Gnó 2014 d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise ullmhaithe agus an bhéim iontu ar chur i gcrích na bpríomhthosaíochtaí don dá Ghníomhaireacht. Nótáil an Chomhairle freisin go gcomhoibreoidh na Ranna Urraíochta lena chéile chun bailchríoch a chur ar Phleananna Gnó agus Buiséid 2014 agus Pleananna Corparáideacha 2014-2016 agus, tar éis cheadú na nAirí Airgeadais, go gcuirfidh siad faoi bhráid chruinniú CATT amach anseo iad chun iad a cheadú.

## CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AN FHORAIS TEANGA

4. Nótáil na hAirí gur cuireadh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2010 faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Chomhthionól Thuaisceart Éireann ar an 5 Iúil 2013, agus go meastar go ndeimhneofar Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2011 agus go gcuirfear faoi bhráid iad faoin 31 Nollaig 2013. Nótáil an Chomhairle freisin, i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2012, go bhfuil an t-iniúchadh allamuigh curtha i gcrích d'Fhoras na Gaeilge agus go bhfuil sé le tarlú go luath do Ghníomhaireacht na hUltaise, agus go leanfar sin le deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas & Ciste a luaithe is féidir sa bhliain nua.

5. Thug na hAirí aitheantas don chomhoibriú leanúnach idir oifigí neamhspleácha na nArd-Reachtairí Cuntas & Ciste sa dá dhlínse, a bhfuil 11 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite don Fhoras Teanga foilsithe don tréimhse 2005 go dáta mar thoradh air.

## DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

6. D'aontaigh an Chomhairle go mbeidh an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga ar siúl san Earrach 2014.

**An Chomhrúnaíocht**
**20 Samhain 2013**

[www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org)